

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 13

CRUINNITHE RANGA

Is bealach éifeachtach iad Cruinnithe Ranga chun:

- Comhaontú maidir le hlompar Ranga a chur le chéile
- Déileáil le cúrsaí a chruthaíonn teannas (m.sh. bulaíocht, obair bhaile, gníomhaíochtaí am sosa srl)
- Múineadh do dhaltáí conas éisteacht le daoine eile agus conas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh
- 'Seomra ranga daonlathach' a rith agus luachanna daonlathacha a léiriú
- Cumhacht a thabhairt do dhaltáí ionas go n-aithneoidh siad go bhfuil cead cainte acu agus gur fiú dóibh labhairt amach agus go n-éistfear leo
- Rudaí a cheiliúradh (m.sh. scrúduithe, taispeántais ealaíne, spórt) nó smaoinemh ar ócáidí brónacha (m.sh. méala, gortú / breoiteacht ar chomhghleacaí ranga)
- Caidrimh a fhorbairt i measc daltaí agus idir daltaí agus baill foirne

Agus Cruinnithe Ranga á bpleanáil, is cleachtadh maith é smaoinemh ar na rudaí seo a leanas:

- *Cad é clár oibre an chruinnithe?*

Is maith an rud é fíis shoiléir a bheith agat den mhéid is mian leat a bhaint amach, agus na rudaí a chuirfidh tú san áireamh agus na rudaí nach gcuirfidh tú. Mar shampla, má tá an Cruinniú Ranga leagtha amach chun Comhaontú maidir le hlompar sa Rang a chur le chéile, seans nach mbeidh sibh in ann oibriú trí na gnéithe ar fad in aon chruinniú amháin, mar sin socraigh go bhféadfaidh na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid cearta agus freagrachtaí ag an gcéad chruinniú. Ag cruinniú ina dhiaidh sin féadfaidh daltaí plé a dhéanamh agus cuntas a thabhairt ar na rudaí a tharlóidh mura cloífadh siad leis an gComhaontú maidir le hlompar sa Rang.

- *Cad is mian liom go bhfoghlaimedh na daltaí sa chruinniú seo?*

Smaoinigh ar na torthaí a d'fhéadfadh tarlú - ag foghlaim faoi rialacha agus gnáthnós oibre, foghlaim conas éisteacht, foghlaim fúm féin agus faoi dhaoine eile, srl B'fhéidir go n-aithneofaí torthaí foghlama difriúla do dhaltáí difriúla.

- *An mbeidh na rannpháirtithe ina suí i gciorcal nó an mbeidh siad ag fanacht ina ngnátháit?*

Is fearr do dhaltáí bheith ina suí i gciorcal ionas go mbeidh gach duine in ann an duine eile a fheiceáil. Ní i gcónaí is féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar shrianta spáis nó ama. Mura féidir, ar a laghad ar bith, socraigh na bunrialacha go bhfaighidh gach duine deis labhairt agus nach labhróidh ach duine amháin ag aon am amháin. Is maith an rud é ábhar labhartha a bheith agat (bréagán, cárta, liathróid) ionas nach mbeidh cead labhartha ach amháin ag an té a bhfuil an t-ábhar ina lámh aige.

- *Conas a dhéanfar taifeadadh ar smaointe agus ar mholtaí an chruinnithe?*

An bhfuil roinnt daltaí in ann nótaí scríofa a ghlacadh mar rúnaithe ag an gcruinniú? Má tá, iarr ar bheirt daltaí na rudaí sin a dhéanamh ionas go bhféadfar cros-seiceáil a dhéanamh ar an méid a scríobh siad. Mura bhfuil daltaí in ann é a dhéanamh, ar chóir an cruinniú a thaifeadadh nó an bhfuil ball foirne in ann é a scríobh síos? Is maith an cleachtadh é freisin ag pointí éagsúla, agus go mór mór ag an deireadh, achoimre a thabhairt ar na pointí a tarraingíodh anuas agus a mhíniú do dhaltáí cad a tharlóidh ina dhiaidh sin m.sh. -"Tuigim ón gcruinniú nach mbíonn aon rud le déanamh agaibh ag am lóin agus gur mhaith libh gníomhaíochtaí ag am lóin. Seo iad na moltaí a tháinig ón gcruinniú... Is éard a tharlóidh anois ná go n-iarrfaidh mé ar gach duine agaibh gníomhaíocht amháin a roghnú ón liosta. Socróimid ansin na gníomhaíochtaí sin a chur ar bun ar feadh ceithre seachtaine, agus tabharfaidh sibh ar fad lámh chúnta chun iad a chur ar bun. Nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse, beidh Cruinniú Ranga eile againn le feiceáil conas a d'oibrigh sé. An bhfuil sé sin ceart go leor?"

Tuilleadh eolais: http://www.educationworld.com/a_curr/profdev/profdev012.shtml